PREASRÁITEAS

Taighde uile-oileánda POBAL ar riachtanais speisialta oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán.

Tá POBAL, eagras abhcóideachta na Gaeilge, ag seoladh taighde uile-oileánda ar riachtanais tacaíochta agus traenála múinteoirí na hearnála i dtaca le páistí le riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu, ag dhá ócáid ar leith, ceann acu in Óstán Gresham i mBaile Átha Cliath, ar 10.30, Dé hAoine 10ú Meitheamh, agus an dara ceann i mBéal Feirste ag an Óstán Holiday Inn, Ascaill Ormeau ar 10.30, Dé Máirt 21ú Meitheamh. Molann an taighde nua seo, atá déanta ag POBAL le tacaíocht maoinithe COGG, go bhfuil gá le straitéis eolais agus chumarsáide timpeall RSO agus oideachais trí mheán na Gaeilge.

Dúirt an taighdeoir, Caroline Ní Nualláin,

“Is léir ón taighde go bhfuil na fadhbanna céanna le sonrú arís is arís eile, mar shampla, easpa oiliúna praiticiúla do mhúinteoirí maidir le dátheangachas / tumoideachas le páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, easpa treoirlínte chun plean tacaíochta a chur ar fáil do pháistí dátheangacha, easpa áiseanna, go háirithe scéim chéimnithe sa léitheoireacht, agus easpa trialacha caighdeánacha cuí.

Sin ráite, tá dul chun cinn déanta le roinnt blianta anuas. Chuir sé iontas orm an méid tograí atá idir lámha ag forbairt acmhainní nua, trialacha cuí, srl. Caithfimid leas a bhaint as an stóras eolais seo, ionas go mbeidh tacaíocht praiticiúla ann do mhúinteoirí ranga agus an soláthar seirbhísí agus iad i mbun oibre. Seo an chéad mholadh.”

Beidh aoi-chainteoir an Dr. Jean Ware ó Ollscoil Bangor, i mBaile Átha Cliath ag an seoladh sa Gresham (11.-1.00) i mBaile Átha Cliath, agus í ag caint maidir le: ''Squaring the circle: Supporting Bilingual children who have SEN – what do we know and what do we need to know?” i gcomhthéacs an Ghaeloideachais.

Dúirt Janet Muller, Príomhfheidhmeannach POBAL,

“Feicfimid an tábhacht a bhaineann leis an taighde seo. Luíonn sé le ciall go mbeadh tuilleadh comhoibriú uile-oileánda ann ar an ábhar seo. Táimid buíoch den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) as an dearcadh fadtréimhseach atá acu ag tacú leis an togra seo”.

Tuilleadh eolais: Janet Muller (POBAL) 00+44 28 9043 8132 nó Caroline Ní Nualláin (Taighdeoir) 00+353 85 1632 772

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

PRESS RELEASE

POBAL's all-island research on special needs education in Irish medium schools.

Irish language advocacy group, POBAL, will launch its all-island research on training and support needs for teachers in the Irish medium sector in regard to children with special educational needs (SEN), at two locations, one in the Gresham Hotel, Dublin, on Friday, June 10th at 10.30, and the second in Belfast at the Holiday Inn Hotel, Ormeau Avenue on Tuesday, June 21st at 10.30. This new research, which has been undertaken by POBAL with COGG funding support, suggests the need for an information and communication strategy around SEN and Irish-medium education.



The researcher, Caroline Nolan said,

"The research clearly shows that the same problems repeatedly flag up, for example, a lack of practical training for teachers in bilingual / immersion education with children who have learning difficulties, a lack of guidelines in providing a support plan for bilingual children, a lack of facilities, especially for a graduated reading scheme, and a lack of appropriate standardised tests.

However, progress has been made in recent years. I was surprised by the amount of projects underway to develop new resources, appropriate tests, etc. We must use this information store to provide practical support for classroom teachers and provision of services in their work. This is the first recommendation."

Guest speaker at the launch in Gresham will be Dr. Jean Ware from Bangor University, Dublin, speaking on: ''Squaring the Circle: Supporting Bilingual Children Who have SEN - What Do We Know and What Do We Need to Know? " in the context of Irish medium education.

POBAL chief executive Janet Muller said:

"We will see the importance of this research. It stands to reason that there should be more all-island cooperation on this matter. We are grateful to An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) for their long-term outlook in support of this proposal. "

Further information: Janet Muller (POBAL) 00+44 28 9043 8132 or Caroline Ní Nualláin (Researcher) 00+353 85 1632 772

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta